## An Ról

Beidh an Feidhmeannach Pleanála Teanga ag cuidiú le cuspóirí na heagraíochta maidir leis an Ghaeilge a neartú agus a chothú sa phobal. Beidh an té sin freagrach as tacú le feidhmiú an phróisis pleanála teanga i líon áirithe LPT/BSG i Réigiúin Chonnacht/Laighean agus i gcomhlíonadh na riachtanais reachtúla a bhaineann leis an phróiseas sin. Beidh an té sin freagrach as maoirsiú agus éascú a dhéanamh ar an phróiseas agus beidh sé/sí ag obair go dlúth leis na ceanneagraíochtaí pleanála teanga, na hOifigigh Pleanála Teanga agus na struchtúir pobail chun a gclár oibre agus a gclár caiteachais i leith na pleanála teanga a fheidhmiú agus comhairle, saineolas agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh ar bhonn laethúil chuige sin.

Beidh an té sin freagrach chomh maith as tacú le obair na Rannóga Pleanála Teanga fhad is a bhaineann sé leis na cláir tacaíochta eile atá a sholáthar ag an Údarás do phobal na Gaeltachta ó thaobh cothú agus caomhnú na Gaeilge de.

Beidh an té sin ag cinntiú go bhfuil gach tacaíocht ar fáil do chliantchomhlachtaí an Údaráis lena spreagadh leis an Ghaeilge a chur chun cinn sa gnó. Beidh sé/sí freagrach as pleananna teanga a aontú leis na cliaint sna LPT/BSG atá faoina gcúram agus monatóireachta a dhéanamh ar fheidhmiú na bpleananna sin.

Beidh sé/sí ag cruthú deiseanna comhoibrithe, oiliúna agus idirchaidrimh idir na páirtithe cuí sna réigiúin sin. Beidh sé/sí ag tacú le coistí deonacha áitiúla ina n-iarrachtaí chun an Ghaeilge a neartú ag leibhéal an phobail Beidh ról lárnach aige/aicí i gcruthú deá-chaidreamh le heagrais náisiúnta/réigiúnacha eile ar mhaithe le cuspóirí teanga a neartú sna réigiúin i réimsí tábhachtacha mar atá leagtha síos sna critéir don phleanáil teanga.

Is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.

- Beidh an post seo lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Tá Polasaí Obair Chumaisc i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta, tá an polasaí forbartha i gcomhréir leis an gCreat Polasaí Oibre Cumaisc d’Eagraíochtaí Státseirbhíse a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe in 2022. Beidh deis iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc tar éis tréimhse promhaidh an phoist a bheith curtha i gcrích.

## Sonraíocht Imlíneach an Phoist

| Sonraí | Cur Síos |
|---|---|
| Aidhm an róil | Comhordú agus riarú éifeachtach a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála teanga i Limistéir Pleanála Teanga/Bailte Seirbhíse Gaeltachta i Réigiúin Chonnacht/Laighean, agus tacú le neartú agus cothú na Gaeilge sa phobal trí scéimeanna agus cláir thacaíochta teanga an Údaráis. |
| Príomhdhualgais an Róil | • Plean oibre aontaithe na Rannóige Pleanála Teanga a chur i bhfeidhm i líon aitheanta Limistéar Pleanála Teanga/Baile Seirbhíse Gaeltachta i réigiúin Chonnacht/Laighean<br>• Maoirsiú agus éascú a dhéanamh ar an Phróiseas Pleanála Teanga sna Limistéir Pleanála Teanga / Baile Seirbhíse Gaeltachta sin. Oibriú go dlúth leis na Ceanneagraíochtaí, na hOifigigh Pleanála Teanga agus na struchtúir phobail agus comhairle, saineolas agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh ar bhonn laethúil le tacú leo a bpleananna teanga a fheidhmiú de réir na riachtanais atá leagtha síos.<br>• Clár oibre agus clár caiteachais na gCeanneagraíochtaí i leith na pleanála teanga a scrúdú, a cheadú agus a phróiseáil.<br>• Deiseanna comhoibrithe, oiliúna agus idirchaidrimh a aithint agus eagrú do na Ceanneagraíochtaí agus páirtithe leasmhara eile i réigiúin Chonnacht/Laighean agus/nó go náisiúnta.<br>• Pleananna teanga a phlé agus aontú le cliantchomhlachtaí an Údaráis i gceantair áirithe, seirbhís thacaíochta a sholáthar ar bhun leanúnach, monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga sna cliantchomhlachtaí agus tuairisciú dá réir chuig na Feidhmeannaigh Fiontraíochta agus an Ceannasaí Pleanála Teanga. Pleananna teanga a aontú do na gTeiceanna atá lonnaithe sna LPT/BSG atá lonnaithe sna LPT/BSG atá faoina gcúram agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpleananna sin.<br>• Moltaí a dhéanamh i dtaca le pacáistí agus áiseanna tacaíochta dírithe ar iompar teanga i ngnólachtaí. Modhanna nua, ceannródaithe a aimsiú chun páirtíocht ghníomhach na gcomhlachtaí éagsúla a chinntiú.<br>• Freastal ar éileamh na nIonad Seirbhís Teanga sna réigiúin agus a chinntiú go bhfuil cuspóirí an Údaráis a mbaint amach i dtaca le soláthar cúrsaí TEG agus cúrsaí foghlamtha eile Gaeilge agus go bhfuil freastal a dhéanamh ar riachtanais na gcliant chomhlachtaí agus pobail na LPT/BSG maidir le soláthar cúrsaí Gaeilge/trí Ghaeilge.<br>• Dea-chaidreamh a chothú le heagrais réigiúnacha agus náisiúnta a bhfuil cuspóirí comónta teanga acu agus a bheadh mar chrann taca d'fheidhmiú an Phróisis Phleanála Teanga sa Ghaeltacht, na réimsí luathoideachais, teaghlaigh, óige agus forbartha pobail san áireamh.<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh agus ar scéimeanna teanga an Údaráis atá dírithe ar úsáid na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltachta a spreagadh agus moltaí a chur ar fáil ina leith sin a bheadh mar bhunús athbhreithnithe nó athcheartaithe. |

| | |
|---|---|
| | • Tacú le coistí deonacha áitiúla ina n-iarrachtaí chun an Ghaeilge a neartú ag leibhéal an phobail.<br>• Tacú le aighneachtaí a réiteach nuair is gá d'aon ghníomhaíochtaí a mbeadh tionchar teanga i gceist leo.<br>• Páirt ghníomhach a ghlacadh i dtascanna taighde nó beartais a thabharfar faoi maidir le deá-chleachtais i leith iompair, buanú agus sealbhú teanga i réimsí éagsúla gníomhaíocht an Údaráis. Tionscnaimh thacaíochta teanga i réimsí aontaithe a mholadh.<br>• Ionadaíocht a dhéanamh thar cheann an Údaráis ag seimineáir, ag comhdhálacha agus ag cruinnithe poiblí, de réir mar a aontófar roimhré.<br>• Moltaí a dhéanamh don Cheannasaí Pleanála Teanga i leith dea-fheidhmiú an Phróisis Phleanála Teanga sa Ghaeltacht.<br>• Feidhmiú mar bhall den fhoireann agus freastal ar chruinnithe cuí foirne eagraithe ag an Chainisteoir Pleanála Teanga san Údarás.<br>• Aon dualgais eile a chuirfidh an Ceannasaí Pleanála Teanga ort ó thráth go chéile. |

## Próifíl Imlíneach Iarrthóra

### Cáilíochtaí Acadúla & Gairmiúla

- Cáilíochtaí Acadúla - Céim Bhaitsiléara Onóracha 3ú leibhéal (Leibhéal 8) nó a comhionann

## Tréithe Pearsanta, Eolas, Scileanna agus Taithí

Ní mór buanna pearsanta agus saineolas den scoth a bheith ag iarrthóirí. Éilíonn an chreidiúint agus an aibíocht is gá chun déileáil le pobail agus gnóthaí seachtracha, le bainistíocht an Údaráis agus leis an bhfoireann, go mbeidh go leor bainte amach ag iarrthóirí sa réimse airgeadais nó sa tseirbhís phoiblí:

- Scileanna den scoth i mbainistíocht tionscadal agus clár
- Tuiscint dhomhain ar fhorbairt pobail agus ar chúrsaí Gaeltachta
- Scileanna maithe cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta.

Léireoidh an té a cheapfar na hinniúlachtaí a leanas:

- Scileanna bainistíochta tionscadal - cumas pleananna a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Ardchumas idirphearsanta agus cumarsáide i nGaeilge agus i mBéarla
- Cumas ceannaireachta agus treorach a thabhairt do thionscadail éagsúla
- Cumas anailíse agus measúnaithe ar ardchaighdeán
- Scileanna den chéad scoth i mbainistiú buiséid agus acmhainní
- Cumas anailíseach láidir - ábalta clár oibre agus caiteachais a scrúdú agus a mheasúnú
- Scileanna cumarsáide den chéad scoth - cumas cur i láthair a dhéanamh ag cruinnithe poiblí agus seimineáir
- Cumas láidir caidrimh a fhorbairt agus a chothú le páirtithe leasmhara éagsúla
- Cumas smaointeoireachta straitéisí agus réitigh nuálacha a mholadh
- Solúbthacht agus oiriúnaitheacht chun déileáil le dúshláin éagsúla
- Scileanna láidre eagrúcháin agus bainistíocht ama
- Tiomantas agus paisean d'fhorbairt inbhuanaithe na Gaeltachta

Tá sé tábhachtach go mbeadh an duine aonair tiomanta, féinspreagtha, in ann tionscnamh a ghlacadh chomh maith leis an gcumas foirne a threorú.

